Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11037 — KKCG / ROCKAWAY / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 318/08)

1. An 31 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— KKCG, a bhaineann le KKCG Group (Poblacht na Seice),

— Rockaway, a bhaineann le Rockaway Group faoi rialú Jakub Havrlant (Poblacht na Seice),

— RE TopCo I a.s. ('TopCo I'), faoi rialú Rockaway Group (Poblacht na Seice),

— TopCo II (Poblacht na Seice).

Gheobhaidh KKCG agus Rockaway rialú comhpháirteach ar TopCo I agus TopCo II de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna maidir le TopCo I agus trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í maidir le TopCo II.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa infheistíochta príobháidí é KKCG atá ag feidhmiú in 18 dtír atá gníomhach go príomha sna réimsí seo a leanas: ola agus gás, innealtóireacht, cearrbhachas agus siamsaíocht, teicneolaíocht, TF agus réadmhaoin,

— Tá Rockaway, cuideachta sealbhaíochta comhstoic, gníomhach i ríomhthráchtáil, ríomhthaisteal, teicneolaíochtaí airgeadais, foilsitheoireacht na meán agus leabhar, caipiteal fiontair agus infheistíochtaí san fhorbairt réadmhaoine.

— Is cuideachta é TopCo I faoi láthair gan aon ghníomhaíochtaí gnó a ghineann láimhdeachas. Faoi rialú comhpháirteach KKCG agus Rockaway, beidh TopCo I gníomhach i bhforbairt réadmhaoine tionsclaíche. Is i bhforbairt réadmhaoine cónaithe agus oifige a bheidh gníomhaíochtaí gnó TopCo II.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11037 — KKCG / ROCKAWAY / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË